



Caingean arna tabhairt an 2 Eanáir 2026 – Streit Group v an Chomhairle

(Cás T-2/26)

(C/2026/1351)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Streit Group FZ-LLC (Ras Al Khaimah, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) (ionadaithe: V. Ostrovskis agus C. Cauvin, Dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh (CFSP) 2025/2036 ⁽¹⁾ ón gComhairle a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2035 ⁽²⁾ ón gComhairle a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir (dá ngairtear ‘na gníomhartha atá faoi chonspóid’ i dteannta a chéile); agus
- a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh costais agus caiteachais iomlána na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear iad siúd a thabhaigh an t-iarratasóir maidir lena chosaint.

Saincheistanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráid measúnaithe nuair a tháinig sí ar an gconclúid gur duine dlíthiúil é an t-iarratasóir ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear nár chomhlíon an Chomhairle a dualgas cruthúnais.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Chomhairle cearta bunúsacha an iarratasóra trí shárú a dhéanamh ar chearta cosanta an iarratasóra agus ar a shaoirse gnó a sheoladh, mar a ráthaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Chomhairle, trí ghlacadh leis na gníomhartha atá faoi chonspóid, Comhaontú Comhair 1989 idir AE agus na tíortha atá ina bpáirtithe i gCairt Chomhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille.

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2025/2036 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2025/2036).

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2035 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2025/2035).